AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL

CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí sin eagraithe mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **CUID A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **CUID B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí **cuig cinn** de na topaicí a fhreagairt, mar seo a leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A**;
**dhá** thopaic as **CUID B**;
an **cuigiú** topaic - as **CUID A** nó as **CUID B**.

Tá 80 marc ag dul do gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif agus léarscáileanna a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an pháipéar seo.

| **CUID A – An Saol Gréagach** | **CUID B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach-Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Mícéine agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach-An Phoimpé |
| Topaic 5: Acrapail na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

## CUID A
## An Saol Gréagach

**Topaic 1:** **Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) I Leabhar 1 den **Íliad,** cén fáth gur iarr Calchas ar Aichill é a chosaint?

(ii) Cén fáth go ndeachaigh Talthybius agus Eurybates go dtí both Aichill?

(iii) I Leabhar 6 den **Íliad**, céard a d'iarr Eachtar ar a mháthair a dhéanamh, tar éis dó filleadh ar an Traí ó pháirc an chatha?

(iv) Ainmnigh an duine ba mhó tábhacht ar mharaigh Patroclus é.

(v) Luaigh rud **amháin** a rinne Príam d'fhonn corp Eactair a fháil ar ais.

(vi) Céard is dán eipiciúil ann?

(24)

(*b*) (i) Cén tuairim atá agat maidir le hEachtar (a) mar cheannasaí míleata, agus (b) mar fhear teaghlaigh?
Bíodh fáthanna le do fhreagra. (24)

(ii) Cé acu díobh is fearr leatsa – Eachtar nó Aichill?
Tabhair fáthanna le do rogha. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo as Leabhar 10 den **Íliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

> Ach níor mhair greim milis na codlata ar Agaimeimneon, mac Atreus, aoire an phobail mar ba lán a aigne ag an imní. Amhail nuair a chaitheann fear chéile Hera na gruaige áille a chuid splancacha tintrí, mar chomhartha go bhfuil ollchith báistí nó clocha sneachta nó siabadh sneachta á mbeartú aige; nuair a bhíonn na páirceanna faoi bhrat sneachta – nó b'fhéidir mar a bheadh gialla móra cogaidh ghéir in áit éigin: mar siúd a bhí na cneadanna iomadúla i mbrollach Agaimeimneoin, ag eascairt ó bhun a chroí, agus a intinn ar crith ann. Nuair a dhearc sé thar máigh na Traí, chuir sé alltacht air méid na dtinte a bhí ar lasadh os comhair Ilíos a fheiceáil, agus glór na bhfeadán agus fuaim na bpíopaí agus ruaille buaille na bhfear a chloisteáil.

(i) Sa ghiota úd, cén tsamhail a thugann Hóiméar chun intinn Agaimeimneoin a léiriú?
(8)

(ii) Taréis duitse Leabhar 1 den **Íliad** a léamh, cén fáth, i do thuairim, go raibh buairt agus imní ar Agaimeimneon? (8)

(iii) An bhfuil comhbhá ar bith agat le hAgaimeimneon? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
(8)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs**.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh iad na hIónaigh?

(ii) Cén fáth go ndearna muintir Lacadaemóine (na Spartaigh), moill sarar chuir siad cabhair go dtí na hAithnigh ag Maratón?

(iii) Dar le Heireadótas, bhí arm 1,700, 000 fear ag Xérses. Cén módh comhairimh a bhí aige?

(iv) Conas mar a chuir muintir Euboea ina luí ar chabhlach na nGréagach troid sa deire ag Artemesium, agus gan tarraingt siar?

(v) Ag Cath Shalamis cén éacht a rinne an bhanríon Artemesia nó gur thuill sí moladh Xérses?

(vi) Cén bhaint a bhí ag an údar, Aescaileas, leis na cogaí Peirseacha? (24)

(*b*) (i) Tóg do rogha **dhá** eachtra shonracha ó na cogaí idir an Ghréig agus an Pheirs. Mínigh cén fáth gur dóigh leatsa gur eachtraí suntasacha iad. (16)

(ii) Luaigh **dhá** chúis le go raibh an bua ag na Gréagaigh i gcoinne na bPeirseach. (10)

(iii) Ar mheas tusa go raibh baint ábhartha idir **Na Leabhair Staire** le Heireadótais agus saol an lae inniu? Tabhair fáth le do fhreagra. (6)

(*c*) Léigh an giota seo thíos as **Éirí agus Ísliú na hAithne – Themistocles,** le Plútarc, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

Faoi dheireadh le teann formaid bhí a chomhshaoránaigh fiú ar tí gach aon chlúmhilleadh ina choinne a chreidiúint: dá bhrí sin bhí ar Themistocles a mheabhrú dóibh sa Tionól cérbh iad a chuid éachtaí - ach níorbh fhéidir leo é seo a fhulaingt a thuilleadh. Ar seisean tráth leosiúd a bhí á cháineadh: "Cén fáth go bhfuil leisce oraibh dea-bhrontanais a ghlacadh chomh minic ó na fir chéanna?" Thairis sin chuir sé múisiam ar na daoine nuair a thóg sé Teampall Artemis – mar ní amháin gur thug sé an t-ainm Aristobúlé ar Artemis .i. "Artemis is fiúntaí le comhairle" – ba nod é seo go mba é féin a thug an chomhairle ab fhearr do na hAithnigh agus do na Gréagaigh – ach roghnaigh sé fosta láthair don Teampall in aice lena theach ag Melíte.

(i) Dar le Plútarc, cén fáth go raibh fonn ar mhuintir na hAithne éisteacht leis an chlúmhilleadh i gcoinne Themistocles? (8)

(ii) Cén fáth gur chuir na hAithnigh i gcoinne Themistocles agus é ag tógáil Theampaill Artemis? (8)

(iii) Tar éis dhuit **Na Leabhair Staire** le Heireadótais a léamh, an n-aontaíonn tusa gur thuill Themistocles an drochmheas a bhí ag na hAithnigh air i ndiaidh an chogaidh? Tabhair fáth le do fhreagra. (8)

( 80 marc)

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shocraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois a bhí ag Sócraitéas nuair a fuair sé bás?

(ii) Dar le Sócraitéas "Níorbh í an ghaois a chuir ar a gcumas dóibh (.i. do na filí) a ndánta a scríobh." Ceard é má sea, ina thuairimsean?

(iii) Nuair a mhaígh Sócraitéas: "Ní fiú an saol a chaitheamh gan iniúchadh den sórt seo" , céard a bhí i gceist aige?

(iv) Dar leatsa, cén cara ab fhearr a bhí ag Sócraitéas? Tabhair fáth le do fhreagra.

(v) Agus Sócraitéas ag fáil bháis – cén fáth nach raibh Platón i láthair?

(vi) Cérbh é an Deoch Ofrála? Cén fáth nach raibh cead ag Sócraitéas an mhuing mhear a úsáid mar Dheoch Ofrála? ( 24)

(*b*) Abair gur tusa an dlíodóir atá ag cosaint Shócraitéis agus é ar a thriail. Scríobh amach an óráid a thabharfá os comhair na cúirte mar chosaint. Bíodh an óráid úd bunaithe ar a bhfuil léite agat as leabhar Phlatóin **Laethanta Deireanacha Shócraitéis.** **(**32)

*(c)* Léigh an sliocht seo as drama le hArastafainéas **na Néalta,** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

STREPSIADES: Cé hiad na mná seo ag canadh ar nós na mBéithe féin? Inis dom a Shócraitéis. An amhlaidh gurb iad na banlaochra sinsearacha nó nithe dá sort?
SÓCRAITÉAS: Ní amhlaidh in aon chor. Is iadsan na Néalta Neamhaí, bandéithe éarlaimh na ngaigíní. Is uathusan a fhaighimid intleacht agus dialachtaic agus réasún; agus fosta ár n-ardéirim spéacláireach agus ár mbua argóna uile.
STREPSIADES: Os rud gur luaigh tú é, sílim gur féidir liom eitilt. Ba bhreá liom bheith i mo mhachnóir caolchúiseach mar thusa agus bheith in ann an ribe is caoile a scáineadh; mo námhaid a chloí le hargóint deas néata, agus cleas folaigh éigin eile a bheith agam le haghaidh na hóráide, agus – ba bhreá liom na Néalta seo a fheiceáil a Shócraitéis!
SÓCRAITÉAS:[ *Agus méar á shíneadh aige*] Dearc thall i dtreo shliabh Phairnéis. Feicim iad ag teacht!
STREPSIADES: Cá háit? Cá háit?
SÓCRAITÉAS: Seo chugainn iad tríd na gleannta agus na coillte, slua mór díobh. [*le Strepsiades atá ag amharc in aisce ar an spéir ghorm*]
Ní hea ! sa treo seo, ag teacht i leataobh!!
STREPSIADES: Céard tá á rá agat? Ní fheicimse ní ar bith!
SÓCRAITÉAS:Seo chugainn iad amach ar an stáitse anois, in ainm Dé!

(i) Dar leis an sliocht seo, céard a chreid Sócraitéas faoi na Néalta? (8)

(ii) Cé acu tragóid nó coiméide an dráma **na Néalta**, dar leat? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (8)

(iii) Dar le Platón sa leabhar **Laethanta Deireanacha Shócraitéis**, céard a chreid Sócraitéas i ndáiríre maidir leis na déithe? (8)

(80 marc)

**Topaic 4: Mícéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén t-ainm a bhí ag na Gréagaigh agus ag muintir na Traí ar an sruth caol ar an taobh ó thuaidh den Traí?

(ii) Ainmnigh an **dá** mhór-gheata ar chathair na Traí.

(iii) Cérbh é Laocóon agus céard a bhain dó?

(iv) Céard é *rhyton*?

(v) Cén bhaint a bhí ag Michael Ventris le Mícéine?

(vi) Céard tá ar taispeáint i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**? Cá bhfuarthas é?

(24)

*(b)* Dearc ar an léaráid i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**. Tá na huimhreacha Rómhánacha óna I go dtí IX ag tagairt do na leibhéil éagsúla ar láthair na Traí. Ansin freagair na ceisteanna seo:

(i) Dar le Schliemann, cén leibhéal ag a raibh an Traí in aimsir Phriamais? Cén bunús a bhí aige lena thuairim? (8)

(ii) Conas mar a chuir William Dörpfeld lenár dtuiscint maidir leis an láthair sin? Luaigh fadhb a bhí le réiteach aige. (8)

(iii) Conas mar a chuidigh Carl Blegen lenár n-eolas faoin láthair? (8)

(iv) An bhféadfadh an léaráid seo a bheith ina cuidiú do lucht seandálaíochta ag an Traí, amach anseo? Tabhair fáth le do fhreagra. (8)

*(c)* Thug taistealaí na Sean-Gréige, Pausanias, agus é ag scríobh sa dara haois A.D., cuntas dúinn faoi na fothracha ag Mícéine mar a bhí lena linn.

"Agus tú ar an mbealach amach as Argos tá fothracha Mhícéine ar thaobh do láimhe clé. Tá codanna de na ballaí imeallacha fágtha fós, agus Geata na Leon ina sheasamh ann. Deirtear gurbh iad na Cyclopes a rinne an saothar seo agus gur thóg said ballaí Tiryns fosta. Istigh i bhfothracha Mhícéine tá seomraí Atreus faoi thalamh, maille le huaigheanna na ndaoine a d'fhill ón Traí…."

(i) Cérbh iad na Cyclopes? An dtagann tusa le tuairim Phausanias ina leith? Tabhair fáth le do fhreagra. (8)

(ii) Ainmnigh **beirt** a d'fhéadfadh a bheith curtha sna huaigheanna úd luaite sa sliocht agus luaigh fíric shuntasach a bhaineann le **duine** acu. (8)

(iii) Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar shibhialtacht Mhícéine, cén rud is mó suntais bainte as agatsa? Bíodh fáth le do fhreagra. (8)

(80 marc)



[Thall

**Topaic 5: Acrapail na hAithne.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Céard a tharla don Acrapail sa bhl. 480 RC?

(ii) Céard is *stylobate* ann?

(iii) Cérbh é Phidias? Luaigh saothar **amháin** dá chuid.

(iv) Cérbh é an *Propylaea*?

(v) Cén t-ord ailtireachta lena mbaineann an Erechtheum?

(vi) Céard a bhain don Acrapail sa bhl. 1687? (24)

(*b*) (i) Abair gur treoraí ag turasóirí tusa ar Acrapail na hAithne. Céard a bheadh le rá agat maidir leis an Acrapail agus na foirgnimh a bhain léi sa tSean-Ghréig? Bíodh tagairt agat do Pheiricléas, do stair na hAcrapaile, do na príomhfhoirgnimh, don dealbhóireacht, agus d' aon ní suntasach eile. (24)

(ii) Cén míniú a bheadh agat ar an staid ina bhfuil na foirgnimh sa lá atá inniu ann? (8)

(*c*) (i) Dearc ar Fhótagraf **3** ar Pháipéar **X**. Abair cén sórt deilbhe atá ann. Ainmnigh an foirgneamh ar an Acrapail as ar tógadh é. (8)

(ii) I bhfianaise an fhótagraif seo, déan cur síos ar chuma na deilbhe. (8)

(iii) An álainn an dealbh í, dar leatsa? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

## ROINN B

### An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chúis feirge a bhí ag Iúnó i leith mhuintir na Traí?

(ii) Díreach sula bhfaca sé Díodó den chéad uair ina Teampall, cén chúis chaointe a bhí ar Aeinéas?

(iii) Cé a rinne Priamas a mharú agus conas mar a rinne sé e?

(iv) Cérbh é Iarbas? Cén bhaint a bhí aige le Díodó?

(v) Céard a bhí ar siúl ag Anchises an tráth gur bhuail Aeinéas leis san Iochtar Domhain?

(vi) Cé fath gur theastaigh ó Ágastas go scríobhfadh Veirgil an **Aeinéid**?

(*b*) (i) Tabhair cuntas ar an pháirt a ghlacann na déithe **nó** na bandéithe i leabhar ar bith den **Aeinéid** dá bhfuil léite agat. (24)

(ii) Sa leabhar den **Aeinéid** atá roghnaithe agat sa cheist sin (*b*) (i), tabhair cuntas gearr ar a bhféadfadh a tharlú mura mbeadh na déithe nó bandéithe ann ar chor ar bith. (8)

*(c)* Léigh an giota seo as Leabhar 10 den **Aeinéid,** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Ach nuair a chonaic Aeinéas, mac Anchises, aghaidh agus ceannaithe an duine shíothlaithe, an aghaidh ait bhán, thog sé ochlán óna chroí le teann trua agus shín sé amach lámh, amhail mar gur tháinig cuimhneamh chuige ina intinn ar a ghrá dílis dá athair féin, agus ar sé: "Céard a thabharfaidh Aeinéas dílis uaidh anois comhionann leis an tuillteanas seo? Cén tabhartas a d'fhéadfadh sé a dhéanamh inchurtha le croí mar do chroíse? Tóg do chulaith chatha a thug an oiread sin sásaimh duit. Anois tíolacaim tú go dtí taibhsí agus go dtí luaithreach do shinsear, más beag féin an chomhfhortacht é. Cé gur mí-ádh do bhás cruálach – tá an t-aon sólás amháin agat: is le lámha Aeinéis mhóir a tuit tu.'

(i) I bhfianaise an ghiota seo amháin, cén saghas duine é Aeinéas? (8)

(ii) I bhfianaise leabhair eile den **Aeinéid**, luaigh eachtra inar iompair sé féin mar an gcéanna. (8)

(iii) Tabhair gearrchuntas ar eachtra eile ina raibh iompar Aeinéis éagsúil ar fad leis seo. (8)

(80 marc)

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach- Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth gur i mbaile Gréagach atá gníomhartha an dráma suite, seachas i mbaile Rómhánach?

(ii) Cén fáth gur lig Philocomasium air gurb í Honória a bhí ann?

(iii) Cén fáth gur fearr le Periplectomenus fanacht ina fhear singil?

(iv) Cén fáth go dtugtar "bád na dtuairiscí" ar Mhilphidippa?

(v) "Anois tuigim go ndearna siad staicín áiféise díom!" Céard a thug ar Phyrgopolynices na focail sin a rá i ndeireadh an dráma ?

(vi) San amharclann Rómhánach, cad chuige an *orchestra?* (24)

(*b*) (i) Sa dráma seo **An Saighdiúir Maíteach**, cé a labhraíonn an Brollach? (4)

(ii) Sa dráma seo céard tá le foghlaim againn ón Bhrollach? (24)

(iii) Sa dráma seo, cén fáth nach ag an tús atá an Brollach? (4)

(*c*) Abair gur duine den lucht féachana tusa ag dráma le Plautus. Ansin scríobh **dhá** ráiteas faoi gach ceann díobh seo:

(i) Caidé mar a ghlac an lucht féachana leis, nuair a tháinig "carachtar coitianta" amach ar an stáitse. (8)

(ii) An cineál éadaí a bhí á chaitheamh ag na haisteoirí. (8)

(iii) An úsáid a baineadh as ceol **nó** as radharcra. (8)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén bhaint ó thaobh chlainne de a bhí idir Iúl Caesar agus Marius sinsearach?

(ii) Cén díoltas a bhain Caesar amach ar na hallúraigh ag a raibh sé gafa roimhe sin?

(iii) Cathain agus cén fáth go ndúirt Caesar: "B'fhearr liom bheith ar an chéad fhear anseo seachas ar an dara fear sa Róimh"?

(iv) Cén fáth go ndeachaigh Caesar go dtí Luca le linn an gheimhridh sa bhl.57 RC?

(v) "Caitear an dísle!" Cén bhrí atá ag focail seo Chaesair?

(vi) "Tar éis bhriseadh Philippi ba leis an mhiodóg chéanna féin lenar mharaigh sé Caesar gur chuir se lámh ina bhás féin". Ainmnigh an té atá i gceist. (24)

*(b)* (i) Luaigh **dhá** thréith de chuid Chaesair go bhfuil meas agat orthu. (8)

(ii) Sa **dá** chás, abair cathain ar léirigh sé an tréith, agus conas sin. (8)

(iii) Dar leatsa, cén locht ba mhó a bhí ar Chaesar? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an giota seo as **Beatha Chaesair** le Plútarc. Ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Faoi mar a tharla, ní raibh léirsiú ar bith le linn dó bheith ina Phraetóir. Ach bhí eachtra cuíosach mí-ádhmharach ag baint le saol a theaghlaigh. Bhain Publius Clodius le pór paitriach uasal agus bhí iomrá ar a rachmas agus ar a chomhacht mar óráidí. Ach bhí cumas íontach ann chun na drochmhúinte – mar sháraigh sé lucht an drochanáil ba mheasa lena linn. Bhí an duine seo i ngrá le Pompeia, bean chéile Chaesair. Agus níor dhiúltaigh sise dó as an chur chuici. Bhí dian-smacht i bhfeidhm i gceathrú na mban sa teach, áfach, agus ba bhean an-chreidiúnach í Aurelia, máthair Chaesair. Níor lig sí riamh don bheanchéile óg dul as a hamharc, agus dá bharr san bhí sé deacair agus baolach ar na leannáin bualadh lena chéile.

(i) Luaigh an ócáid ar a tharla an "eachtra mí-ádhmharach". (6)

(ii) Tabhair cuntas gairid ar an tslí gur éirigh le Clodius dul isteach i dteach Chaesair ar an ala seo. Agus abair céard a tharla dó ann. (10)

(iii) Cén duine as an dream uile atá luaite sa ghiota thuas go bhfuil an comhbhá is mó agatsa leis/léi? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – an Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Is ar chóras greille a leagadh amach sráideanna na Poimpé. Céard is brí le "córas greille shráideanna"? Tá cead agat léaráid a úsáid.

(ii) Sa Phoimpé, cá bhfuil "Sráid na nUaigheanna"?

(iii) Cérbh é *garum*? Conas mar a deantar é?

(iv) Céard tá á léiriú i bhFótagraf **4** ar an Pháipéar **X**?

(v) Cén saghas oibre a bhíodh ar siúl ag an úcaire?

(vi) Caidé mar a chuir Giuseppe Fiorelli go sonrach lenár dtuiscint ar chathair na Poimpé? (24)

*(b)* Léigh na giotaí seo **A** agus **B**. Ansin freagair na ceisteanna a ghabhann leo.
Is aistriúchán é **A** ar ghnáth-fhógra poiblí a dtángthas air i bPoimpé. Agus is athchóiriú ar alt as an **Irish Times** (7ú M.Fomh., 2000) atá sa ghiota **B.**

**A.** "Beidh foireann gliairí leis an Aedíleach Aulus Suettius Certus ag troid sa Phoimpé ar an 31ú Bealtaine. Beidh tóir ar ainmhithe ann fosta agus bainfear feidhm as scáthbhrait ghréine."

**B.** "D'adhain an t-ollscannán **Gladiator** as Hollywood suim daltaí sa leann clasaiceach… Léirigh an scannán an difear íontach idir na Rómhánaigh agus muidne agus ba thábhachtach an leathnú eolais í sin…"

(i) Ainmnigh an foirgneamh sa Phoimpé inar tharla eachtraí an lae úd 31ú Bealtaine agus léirigh caidé mar a bheadh foirgneamh dá shórt oiriúnach d' eachtraí dá leithéid. (12)

(ii) Tá pictiúr den laoch sa scannán **Gladiator** i bhFótagraf **5** de Pháipéar **X**. Bain úsáid as chun alt a scríobh a léireoidh an t-eolas atá agat maidir leis na gliairí i ré na Rómhánach. (12)

(iii) An bhfuil tusa ag teacht leis an tuairim úd i ngiota **B** go raibh difear mór idir muidne agus na Rómhánaigh? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (12)

*(c)* Dearc go cúramach ar an phlean den fhóram i gcathair na Poimpé i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**. Ansin freagair na ceisteanna seo.

(i) I bhfianaise an phleain, cén tuairim a bhí ag muintir na Poimpé i leith an reiligiúin? (8)

(ii) Abair cén úsáid a bhain le Baisleach, (a) i ré na Rómhánach, agus (b) a bhaineann le Baisleach lenár linn féin. (8)

(iii) I bhfianaise an phleain úd amháin, an dóigh leatsa gur suimiúil an áit í an Phoimpé le cuairt a thabhairt uirthi? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí chinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) In arm na Róimhe, cén chiall a bhí le "cathlán céid."

(ii) Cén gnó a bhí le déanamh ag an *aquilifer*?

(iii) Cén fáth go raibh cnap ar an sciath Rómhánach?

(iv) Cen foirgneamh a bhíodh de ghnáth i lár an dúin ag arm na Róimhe?

(v) Ghabh na Rómhánaigh cathair thábhachtach sa bhl.70 AD. Cén chathair í sin? Cérbh é an té a bhí i gceannas an uair sin agus a bhí ina Impire ina dhiaidh sin?

(vi) Tá dia á léiriú i bhFotagraf **7** ar Pháipear **X.** Cé hé féin? Mínigh an bhaint idir an dia seo agus arm na Róimhe. (24)

(*b*) (i) Tabhair cuntas ar ar tharla de ghnáth nuair a rinne arm na Róimhe léigear ar bhaile ar a raibh ballaí nó go ndearna said an lucht cosanta a thraochadh. I do fhreagra, is féidir leat tagairt a dhéanamh do bheartaíocht na Rómhánach agus do fhrith-bheartaíocht na gcosantóirí. (24)

(ii) Dar leatsa, cén ghné de chogaíocht na haoise **seo** is measa ar fad? Tabhair fáth le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an giota seo as **Annála Impireacht na Róimhe** leis an staraí Tacitus.Tá cuntas ann faoi theacht an ghobharnóra nua sa Ghearmáin, Corbulo. Ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Ba dhíograiseoirí na saighdiuirí Rómhánacha sa chreach agus ba leisceoirí iad san obair. Mar sin nuair a réitíodh gnóthaí práinneacha d'athbheoigh Corbulo an gnáthchóras smachta.Cuireadh cosc iomlán ar thitim amach as an mháirseáil agus ar throid gan ordú. B'éigean diúité picéid agus diúité fairtheoireachta a chur i gcrích de lá agus d'oíche faoi airm. Deirtear gur cuireadh saighdiúir chun báis as tochailt ag an chrémhóta gan na mionairm; fear eile nuair nach raibh ach a mhiodóg aige. Tá áibhéil sna scéalta seo agus cumadh iad, b'fheidir. Ach chuir beaichte Chorbulo tinfeadh iontu agus ní foláir nó bhí fear mar é a raibh ainm na déine air maidir leis na mionrudaí, síorairdeallach agus neamh-throíaireach nuair a bhí mórchoir i gceist.

(i) I bhfianaise an ghiota seo amháin, tabhair **dhá** shampla den easpa smachta a ghabh leis na saighdiuirí Rómhánacha. (8)

(ii) Dar leatsa, an raibh gá ag Corbulo saighdiúirí a chur chun báis mar phíonós? Bíodh fáth le do fhreagra. (8)

(iii) I bhfianaise an ghiota seo amháin, an maith an staraí é Tacitus, dar leatsa? Bíodh fáth le do fhreagra. (8)

(80 marc)